**Uimh Thagartha:**____________________

(Arna líonadh ag an tSeirbhís)

# FOIRM UM RÉAMHCHLÁRÚCHÁN LEANAÍ DON CHLÁR COLÓ 2025/2026

## LÉIGH É SEO GO CÚRAMACH

Cuireann Clár COLÓ réamhscoil saor in aisce ar fáil ar feadh 3 uair an chloig in aghaidh an lae, 5 lá sa tseachtain thar 38 seachtaine do leanaí sa bhliain/sna blianta sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil. Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár COLÓ, féach Rialacha COLÓ don bhliain chláir 25/26 ag EY HIVE agus léigh Litir DCDE chuig Tuistí/Caomhnóirí atá ar fáil le léamh ar https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/downloads/downloads-ecce/.

Tá páistí a rugadh idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2022 (an dá dháta san áireamh) incháilithe don chlár COLÓ 2025-26.

Má tá tú ag clárú do linbh sa Chlár COLÓ don bhliain réamhscoile 2025/2026, ba chóir duit an fhoirm seo a chomhlánú agus an seoladh baile, lena n-áirítear an cód Eir agus ainm, dáta breithe agus uimhir PPS an linbh, á iontráil.

Ansin, ba chóir duit an fhoirm a sheoladh ar ais chuig an soláthraí ceadaithe. Cuirfidh an soláthraí ceadaithe an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an doiciméad seo isteach chun do leanbh a chlárú don Chlár COLÓ ar Ardán na Luathbhlianta (EY HIVE). Ní choinneoidh do sholáthraí ceadaithe an doiciméad seo ach amháin ar feadh bhliain an chláir 2025/2026 chun críocha comhlíonta.

**Eolas le bheith curtha ar fáil ag an Tuismitheoir/Caomhnóir I gcóir an chlár COLÓ 2025/2026**

Tá na réimsí seo a leanas éigeantach.

Ainm Tuismitheora/Caomhnóra:__________________________________________

Ainm na Soláthraí Ceadaithe COLÓ: ________________________________________

Seoladh Tuismitheora/Caomhnóra: _________________________________________________________

**Dearbhaím go bhfuil mise tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil an linbh seo a leanas a fhreastalaíonn ar an réamhscoil seo, agus ina ainm a bhfuil éileamh á dhéanamh agam faoi chlár COLÓ.**

| Ainm iomlán an linbh (mar atá se cláraithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí) | UPSP an Linbh | Dáta Breithe (ll/mm/bbbb) | Inscne (F/B) | Cód Eir |
|---|---|---|---|---|
| | Figiúirí \| Litreacha | | | |

Tabhair faoi deara, le do thoil, chun críocha GDPR, nach mór an fhoirm seo a choinneáil ar feadh tréimhse bliain amháin.

Cén grúpa cúlra eitnigh nó cultúrtha ar le do leanbh é (cuir tic le cheann amháin)*?

Tabhair faoi deara gur ceist 'roghnach' atá ann, seachas ceist éigeantach.

- ☐ Duine Geal Éireannach
- ☐ Duine Éireannach den Lucht Siúil
- ☐ Romach
- ☐ Duine Geal ó Aon Chúlra Eile
- ☐ Duine Gorm Afracach
- ☐ Duine Gorm ó Aon Chúlra Eile
- ☐ Síneach
- ☐ Duine Áiseach ó Aon Chúlra Eile
- ☐ Eile, lena n-áirítear cúlraí cine measctha

***Tuigim go bhféadfadh sonraí faoi chúlraí eitneacha nó cultúrtha a bheith ag teastáil chun críocha acmhainní cuí a leithdháileadh i bhfoghlaim agus cúram luath agus i gcúram leanaí d'aois scoile chun freastal ar riachtanais aonair leanaí ó na pobail seo agus chun cloí le roinnt ceanglas tuairiscithe idirnáisiúnta do leanaí ó na tíortha seo. Tá sonraí faoi bhunús eitneach nó cultúrtha ag teastáil le haghaidh anailíse staitistiúla agus chun tacú le beartas agus pleanáil amach anseo laistigh den DCDE. Trí an fhaisnéis seo a sholáthar, toilím le (ainm na seirbhíse cúraim leanaí) na réimsí sonraí seo a thaifeadadh ar an EY HIVE.**

| Dáta Tosaigh COLÓ | Dáta Deiridh COLÓ | Líon Laethanta sa tSeachtain |
|---|---|---|
| | | |

*Más 3 huaire an chloig in aghaidh an lae atá i gceist le soláthar COLÓ, ní mór é a bheith ar feadh 5 lá sa tseachtain thar 38 seachtaine nó, más 3 uair an chloig agus 30 nóiméad in aghaidh an lae atá i gceist, ní mór é a bheith ar feadh 4 lá sa tseachtain thar 41 seachtain.

**Tuigim go bhféadfadh an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (DCDE) agus Pobal (ag gníomhú mar ghníomhaire don DCDE), i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Oideachais agus Óige, an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a úsáid chun a fhíorú go bhfuil an leanbh a ainmnítear thuas incháilithe don Chlár COLÓ agus chun críocha staitistiúla agus/nó tástála córais. Cuirfear faisnéis ar fáil freisin faoin Acht um an Lár-Oifig Staidrimh, 1993 chun cabhrú le bailiú staitisticí náisiúnta, chun a fhíorú go bhfuil mo leanbh incháilithe don Chlár COLÓ ag an am seo, chun na táillí caipitíochta atá dlite don tseirbhís réamhscoile seo a ríomh, agus chun críocha staitistiúla.**

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra: ________________________________ Dáta: _________________

Uimhir Teagmhála: ________________

Seoladh Ríomhphoist Tuismitheora/Caomhnóra: ____________________________________________